Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**11013/23**

**INST 241**
**CMPT 18**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar Comhalta den Chúirt Iniúchóirí - Glacadh |

1. De bhun Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an liosta de Chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát, go ceann téarma 6 bliana.

2. An athnuachan pháirteach atá á déanamh faoi láthair ar an gCúirt Iniúchóirí, baineann sí le comhalta amháin a rachaidh a théarma oifige in éag an 6 Bealtaine 2022[1].

3. I litir uaithi dar dáta an 21 Meitheamh 2023, mhol Poblacht na Slóvaice Katarína KASZASOVÁ a cheapadh ina Comhalta den Chúirt Iniúchóirí[2].

1 6881/21.
2 11007/23.

4. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an 4 Meán Fómhair 2023 maidir leis an togra chun Katarína KASZASOVÁ a cheapadh mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí.

5. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi maidir leis an gceapachán sin an 13 Meán Fómhair 2023[3].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 11012/23 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] Níor foilsíodh an tuairim go fóill san Iris Oifigiúil. Tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0312_GA.html